# Ríomhphost ó Shorcha
# An cuimhin leat?

**A. Tá na habairtí seo a leanas ar fáil sa ríomhphost thíos a scríobh Sorcha, ach an bhfuil tú in ann na habairtí a chríochnú, sula léann tú an ríomhphost?**

**1.** Go raibh ____________ agat.

**2.** Tá ________ ____ mo chónaí.

**3.** Tá mé ag ____________ tí.

**4.** Tá trí _____________ codlata _______.

**5.** Níl an ____________ ródhaor**.**

**B. Déan iarracht Gaeilge a chur ar na focail seo a leanas.**

**Déan ó bhéal é.**

restaurant facilities

pub two (people) area

sharing a house bathroom

sitting room bye for now

# Ríomhphost ó Shorcha

**Léigh an ríomhphost seo a leanas agus líon na bearnaí. Bain úsáid as an bhfoclóir sa chiorcal atá ag bun an leathanaigh.**

A Róisín, a chara,

Go raibh maith agat as do ríomhphost. Tá súil agam go bhfuil tú go (1) ............. .

Tá mé féin an-ghnóthach faoi láthair. Mar atá a fhios agat, tá (2) .................. nua agam, agus tá mé i mo chónaí i gceantar nua. Is (3) .................. beag é ach tá (4) .................. maithe ann. Tá sé cois (5) .................. agus is breá liom an fharraige! Tá bialann dheas (6) .................. ann agus dhá (7) .................. tábhairne agus pictiúrlann bheag.

Tá mé ag roinnt tí le (8) .................. eile, Ben agus Síle. Is as (9) .................. Ben agus is as Gaillimh Síle. Tá an t-árasán an-deas. Tá trí sheomra codlata ann, cistin, seomra folctha agus seomra suí. Níl seomra (10) .................. ann ach is cuma. Tá sé (11) .................. agus glan agus réitím go maith le Ben agus le Síle. Fosta, níl an (12) .................. ródhaor. Tá an t-ádh orm!

Tá súil agam go dtiocfaidh tú ar cuairt. Cuirfidh mé glaoch ort gan mhoill.

Slán go fóill,

Sorcha.

árasán baile maith

áiseanna lodálach

theach beirt bia farraige

ciúin cíos

Corcaigh

# Ríomhphost ó Shorcha
# Foclóir an tsleachta

1. Sa ríomhphost, deir Sorcha go bhfuil sí ***an-ghnóthach faoi láthair****/very busy at present.* Déan iarracht Gaeilge a chur ar na frásaí seo a leanas. Smaoinigh siar ar an bpátrún a bhí agat do na focail: *daor* agus *saor.*

    a. I'm too busy
    b. I'm busy
    c. I'm busy enough.

2. Is ainm Gaelach é Sorcha. An féidir leat smaoineamh ar aon ainmneacha Gaelacha eile a thosaíonn le *s.* Scríobh cúpla ainm síos sa bhosca thíos agus scríobh *s leathan* nó *s caol* in aice leis an ainm san áit chuí.

    **Mar shampla: Seán – s caol.**

| |
|---|
| |

3. **Féach ar an dá abairt seo a leanas**

    a. Tá mé ag roinnt árasáin.
    b. Tá an t-árasán mór.

    a. Is focal firinscneach é *árasán*. Athraíonn sé sa tuiseal ginideach. Leanann an tuiseal ginideach an frása: *ag roinnt*. Baintear úsáid as an tuiseal ginideach in áiteanna eile sa Ghaeilge ach foghlaimeoidh tú fúthu níos déanaí sa chúrsa.

    b. Is focal firinscneach é *árasán* agus tosaíonn sé le guta agus dá bharr, cuirtear *t-* roimhe.

    **Tá an focal *áras* díreach cosúil le *árasán.* Scríobh an focal *áras* i gceart sna samplaí thíos.**

    I. ag roinnt (áras) _______________.
    an (áras) ______________________.